



Idir an dúchas agus an sprioc: spás na healaíne

Kevin Whelan



Réamhrá

Coimisiúnaíodh an staidéar darb ainm *An Pobal agus na hEalaíona (2006)* ag an gComhairle Ealaíon chun eolas a chur ar fáil ar iompar agus ar mheon reatha mhuintir na hÉireann i leith na nEalaíon.

Is léir ón staidéar go bhfuil meon an phobail i leith na nEalaíon thar a bheith dearfach agus tá na leibhéil tinrimh níos airde ná na gnáthleibhéil idirnáisiúnta. Nochtar patrúin reatha tinrimh, rannpháirtíochta agus ceannaigh, chomh maith le ‘tomhaltas’ príobháideach na n-ealaíon agus cultúir trí raon meáin atá ag méadú. Léirigh an staidéar chomh maith áfach roinnt fionnachtana atá frithráiteach de réir na cosúlachta – measann an pobal (de réir mar a léiríodh sna samplaí a tógadh ag an staidéar) go bhfuil na healaíona tábhachtach, fiú mura ndéanann siad freastal pearsanta ar imeachtaí ealaíon foirmiúla. Spreag sé seo machnamh ar na slite éagsúla inar féidir leis na healaíona tionchar a dhéanamh ar an saol laethúil, d’ainneoin a dhofheictheacht uaireanta.

De bhun an staidéir d’iarr an Chomhairle Ealaíon ar raon tráchtairí a gcuid tuairimí agus léargas a thabhairt ar *Luach na nEalaíon*. Tá sé mar aidhm ag na paimfléid seo plé a spreagadh agus aird a tharraingt ar an ról ríthábhachtach a d’fhéadfadh a bheith agus a bhíonn ag na healaíona ar ár saolta mar dhaoine aonair, mar bhaill de phobail ilghnéitheacha agus mar chuid den tsochaí i gcoitinne.

IDIR AN DÚCHAS AGUS AN SPRIOC: SPÁS NA HEALAÍNE

A word is dead
When it is said,
Some say.
I say it just
Begins to live
that day.¹

Emily Dickinson

LEIBHÉIL ÉAGSÚLA NA CUIMHNE

Leag an fealsamh Francach Paul Ricoeur béim ar leibhéil éagsúla na cuimhne i gcomhthéacs na heitice.² Ar an gcéad leibhéal tá an leibhéal paiteolaíoch nó teiripeach a ndearna Sigmund Freud staidéar air ina shaothar *Metapsychology* na bliana 1914, inar chuir sé an buncheist – Cén cineál ama atá thart ar féidir glacadh leis? Is féidir an iomarca cuimhní agus ganntanas cuimhní an oiread céanna dochair a dhéanamh; fanann mí-úsáid san aigne mar chréachtaí nó mar mhéirscrí nach gcneasaítear iad go hiomlán choíche. Is é gnó na cuimhne ná cothromaíocht cheart a chur ar fáil idir dobhrón agus duairceas. Is éard a tharlaíonn i gcás an dobhróin ná go dtugtar an duine féin chun réitigh maidir leis na rudaí ar thug an té sin grá dóibh, ach i gcás an duaircis bíonn an duine ag súil go héadóchasach leis an rud a cailleadh agus ar an ábhar sin tarlaíonn sé arís is arís eile (leagan lochtach é seo de throid in aghaidh phrionsabal an réalachais). Molann Freud go ngluaisfeadh an duine ó dhuirceas go dobhrón trí ‘ghluaiseacht’ ó athdhéanamh, go cuimhne, go dtí go

¹ Emily Dickinson, *Collected Poems* (Philadelphia: Running Press Books, 1991): Ich 218.

² P. Ricoeur, ‘Memory and forgetting’ i *Questioning ethics* le R. Kearney agus Mark Dooley (eagarthóirí), *Questioning Ethics: Contemporary debates in philosophy* (Londain, Routledge, 1999), lgh. 5-18

nglacann sé/sí leis. Ar leibhéal an duine féin agus ar gach aon leibhéal eile is gá gluaiseacht ó chuimhne iomarcach nó ó chuimhne coiscthe nach mbíonn de thoradh orthu ach an duine a bheith ag dul siar arís agus arís eile nó an té sin a bheith gafa le duairceas.

Is é an leibhéal eiticiúil nó polaitiúil an dara leibhéal. Ní gallán mór seasta doscoilte í an chuimhne. Is féidir oideachas a chur uirthi nó í a shlánú trí leas a bhaint as suathaireacht na healaíne, rud a thugann breith ar chuimhne agus ar dhearmad. Ní gá don chuimhne a bheith dí-umhal nó éigeantach; má tá ealaín ar fáil agus straitéisí éagsúla inste aici is féidir le duine rogha a dhéanamh idir féiniúlacht phearsanta nó féiniúlacht chomhchoiteann a chruthú (nó a chomhtháthú). Ciallaíonn an ealaíon gur féidir é a rá ar bhealach eile; osclaíonn sé seo spás don duine eile, spás don agallamh, agus chun idirbheartaíocht a dhéanamh idir insintí. Is féidir cuimhne eiticiúil a chur ar fáil ar leibhéal dioscúrsach seo. Tá cumas eiticiúil inti de bharr an rún atá aici an t-am atá thart a oscailt don am atá le teacht, chun cabhrú chun todhchaí a thógáil trí leas a bhaint as eiseamláirí an ama atá thart. Tá cuimhne eiticiúil dírithe ar an am atá le teacht agus ní ar an am atá caite. Déanann léaslíne an chothroime í a rialú agus í ag iarraidh teacht ar chuimhne a thugann an ceart don íospartach agus don bhuaiteoir araon, agus í fós ag iarraidh tús a chur le hinstiúidí nua ar leibhéal na polaitíochta a chinnteoidh nach dtarlóidh siad arís. Cuireann Robert Frost i gcuimhne dúinn gurb iad ‘Na cuimhní na rudaí is neamhábharta dá bhfuil againn’ agus tagann siad slán trí na tosca daonna is dearóile.³

³ Robert Frost, *The notebooks of Robert Frost* (eag.) Robert Faggen (Bostún, Harvard University Press, 2007), lch. 208.

Ós rud é go bhfuil leibhéal éagsúla seo na cuimhne ann is féidir argóint a dhéanamh, nach amháin gur cineál eolais iad ár gcuimhní ach gur ghníomhartha iad freisin ('ár gcuimhní a chleachtadh'). Tá sé de dhualgas ar dhaoine cuimhneamh ar rudaí toisc go bhfuil nasc dosheachanta idir an am atá thart agus an t-am atá le teacht. Tugann na cuimhní atá slán san ealaín cosaint riachtanach ar an scrios a tharlaíonn i gcaitheamh na mblianta agus an chaoi a n-ídítear gach rian le himeacht aimsire. Cuireann Hannah Arendt i gcuimhne dúinn ina saothar *The Human Condition*, gur cumas bunúsach daonna atá sna cuimhní freisin a chuireann ar ár gcumas leanúint ar aghaidh le beart fiú in ainneoin an bháis. Spreagann an ealaíon muid chun éalú ó laincisí an ama atá thart trí neart an mhaithiúnais; is féidir léi sinne a nascadh leis an am atá le teacht tríd an gcumas atá ag an am sin gealltanais a thabhairt. Is trí chomhtháthú na cuimhne agus na healaíne a dhéantar oidhrí dinn den saol atá thart agus de na féidearachtaí Útóipeacha a bhaineann leis. Bíonn níos mó á ghealladh ag eachtra sa stair ná an rud a tharla. Bhí níos mó i gceist san am atá thart ná an rud a tharla; bhí a lán roghanna eile ann ag am ar bith seachas an ceann a roghnaíodh. Is féidir leis an ealaíon an t-am atá thart a athoscailt agus cuir leis an mian Útóipeach trí na deiseanna a cailleadh a chur ar fáil arís agus na féidearachtaí a tréigeadh a athshlánú. Cuireann sé seo spás ar fáil don stair chuntrapointeach nach mbeadh daoine ina n-íospartach inti, agus nach náireofaí inti iad. Spreag Walter Benjamin a leithéid seo de stair go héachtach.⁴

⁴Walter Benjamin, 'Theses on the philosophy of history' in H. Zohn (eag.), *Illuminations* (Londain, Fontana, 1992), lgh 245-55.

DÚCHAS AGUS SPRIOC

Gné fíorthábhachtach de gach cineál cur síos is ea an spás óna labhraímid, nó lena chur ar bhealach eile, an fad cuí idir an ár ndúchas agus an sprioc ar mhian linn a bhaint amach dúinn féin. Brúitear muid má táimid ró-ghar dár ndúchas agus bíimid ‘mired in attachments’,⁵ Tagann meadhrán orainn má imíimid ró-fhada ó bhaile. Ach ba é an turas seo ó dhúchas go sprioc an cleas caighdeánach a bhí acu i Ré na hEagnaíochta. Ní fhéadfaí an réasúnaíocht liobrálach a bhaint amach gan an turas seo. Faoi mar a dúirt Edward Said ina ráiteas cáiliúil, ní mór do dhuine a bheith fad áirithe ón rud a bhfuil sé ag plé leis chun faisnéis eiticíúil a thabhairt ach fós is gá don duine a bheith páirteach ina c(h)ultúr féin. Má tá an t-ealaíontóir ró-fhada óna dhúchas is beag baint a bhíonn aige nó aici leis go dtí go mbíonn sé nó sí ar nós cuma liom faoi sa deireadh. Is fearr le Seamus Heaney a bheith idir eatarthu - faoi mar a léirigh sé ina mheafar cáiliúil na gclochán cora:

[I]n the 1940s there was a ford at Lower Broagh and a trail of big stepping stones led across from one bank to the other, linking the townland of Broagh to the townland of Bellshill. We used to paddle around the gravel bed on the Broagh side and I always loved venturing out from one stepping stone to the next, right into the middle of the stream – for even though the river was narrow enough and shallow enough, there was a feeling of daring once

⁵ Seamus Heaney, ‘The first flight’ in *Station Island* (Londain, Faber & Faber, 1984), lch. 102.

you got out into the main flow of the current.
Suddenly you were on your own. You were giddy
and rooted to the spot at one and the same time.
Your body stood stock still, like a milestone or
a boundary mark, but your head would be light and
swimming from the rush of the river at your feet
and the big stately movement of the clouds in the
sky above your head.⁶

Rinne Heaney tagairt dá laoch Czelsaw Milosz san léacht a thug sé nuair bronnadh an Duais Nobel air:

He talked about a story he had read when he was a child about someone travelling all over Europe on a bird's back, looking down at the earth from a great height. And he said this represents one of the big poetic impulses and desires - this airy whole, a vision in the sense that you see the whole thing and you feel it buoyantly and with delight and you're above it. On the other hand, he says, we also feel that if we fly too far, we've betrayed Earth and the cries of the earth. And so the difficulty always is that if you fly, you break solidarity with the people on Earth. Auden puts it in a different way. He says there is a mixture of Prospero and Ariel in every poet - Prospero representing poetry's impulse to wisdom and Ariel representing the impulse to pure song.⁷

⁶ Seamus Heaney, 'Something to write home about' in *Finder's keepers* (Londain: Faber & Faber, 2002), lch. 48.

⁷ Seamus Heaney faoi agallamh 'The words worth saying' in Steven Ratiner (eag.), *Giving their word: conversations with contemporary poets* (Amherst, University of Massachusetts Press, 2002), lch. 106. Ba é an scéal a bhí léite ag Milosz ná *Wonderful Adventures of Nils* (1906) le Selma Lagerlof.

Is breá le Heaney an chatagóir sin dánta a bhain le tiontaithe tobanna. Tá an dán faoi Chluain Mhic Nóis ar cheann de na dánta is slachtmhaire díobh de bharr cumas an ábhair bíogadh a bhaint as duine agus de bharr bealach réidh an fhíle agus é ina mháistir stíle. Tá an dán seo le fáil sa tsraith ‘Squarings’ i *Seeing Things* (1991):

The Annals say: when the monks of Clonmacnoise
Were all at prayers inside the oratory
A ship appeared above them in the air.

The anchor dragged along behind so deep
It hooked itself into the altar rails
And then, as the big hull rocked to a standstill,

A crewman shinned and grappled down the rope
And struggled to release it, but in vain.
‘This man can’t bear our life here and will drown’,
The abbot said, ‘unless we help him’. So
They did, the freed ship sailed, and the man
climbed back
Out of the marvellous as he had known it.⁸

Bhí sé seo le rá ag Heaney:

I was devoted to this poem because the crewman who appears is situated where every poet should be situated: between the ground of everyday experience and the airier realm of an imagined world. And the essential thing – whether you’re

⁸Seamus Heaney, *Seeing Things* (Londain, Faber & Faber, 1991), lch. 62.

the poet or the crewman – is to be able to move resourcefully between these two realms, not to get yourself bogged down in the quotidian, yet not to lose your head in the fantastic.⁹

Cad é an ceangal ceart idir an eitic agus an aeistéitic? I ndeireadh na dála séard atá san ealaíontóir ná finn é eiticíúil a thugann fianaise. Is éard a thugann éifeacht ‘d’eitic an dioscúrsa’ ná an muinín a chuirtear san fhianaise, i bhfeidhm tromchiallach na teanga agus i gcumas morálta na hinsinte. Bhí sé d’argóint ag Paul Ricoeur: ‘we must have trust in language as a weapon against violence, indeed the best weapon there is against violence’.¹⁰ Ba chóir dúinn béim a leagan ar a neamhspleáchas is atá an ealaín, an chaoi a chaithfidh sí a bheith beag beann ar na tosca ónar fhás sí, agus an chaoi nach féidir í dhéanamh amach astu, cé nach bhfuil sí saor uathu ach oiread. Ní féidir linn a rá a choíche nach bhfuil i saothar ealaíne ach na tosca ónar eascair sé, ach ní féidir leis maireachtáil ach oiread i ríocht fhíorghlan neamhspleách éigin nach bhfuil tionchar ag an gcomhthéacs air. Tá saothar ealaíne saor agus ciontaithe ag an am céanna. Is cuma cé chomh domhain a rachaidh duine ag tumadh i gcartlann na bhfíricí ní tiocfaidh sé riamh ar chur síos sásúil ar fhéiniúlacht na healaíne. Bíonn feidhm fuascailte ag an ealaín nuair a chruthaíonn sí todhchaí malartacha. Tá neamhspleáchas seo na healaíne cosúil le saoirse an duine sa mhéid go gcuirtear i bhfeidhm an rud nach bhfuil ar fáil go dtí sin. Ní féidir gurb é gnó na healaíne léirmheas a dhéanamh ar na cineálach iallaigh atá ar dhaoine, agus é sin amháin, ach ní mór liosta

⁹ Esther De Groot, ‘Seamus Heaney’ in Sheila Clarke (eag.), *Ashford: Writers in residence* (Ashford: Ashford Books, 2007), lch. 115.

¹⁰ Ricoeur, ‘Memory and forgetting’, lch. 18.

a thabhairt freisin de rudaí eile a d'fhéadfaí a dhéanamh. Ní bhaineann athrá le fíorealaín sa chiall sin: Faoi mar a dúirt Beckett 'labhraímse faoi ealaín ... faoi eachtraí tuirsiúla beaga, tuirseach de bheith ag cur i gcéill go bhfuil siad in ann, faoi bheith in ann, faoin seanrud céanna a dhéanamh arís beagán níos fearr an uair seo, faoi dhul beagán níos faide siar an bóthar leadránach.'¹¹ Áascaíonn ealaín gluaiseacht idir na cuimhne agus inspioráid, idir an dúchas agus an sprioc. Faoi mar a thaispeáin Freud '[it] constitutes a region half way between a reality which frustrates wishes and the wish-fulfilling world of the imagination'.¹²

Féadfaimid filleadh ar Ricoeur agus ar an díospóireacht a bhí aige faoina bhfuil á mhaíomh ag an stair go dtugann sí taifead cruinn dúinn ar ar tharla dáiríre. Bíonn bearna le feiceáil in a leithéid de dioscúrsaí liteartha agus eiticiúla – spás folamh ina bhfuil gach rud cailte, teorainn nach bhfuil sé ar chumas na healaíne a shárú is nach féidir leis an eitic é a athshlánú, todhchaí léanmhar a bhfuil gach rud a tharla cailte aige. Bíonn teagmhasacht agus riachtanas faoi réim anseo – faoi mar a dúirt Marx ina nathán géar - déanann daoine an stair ach ní roghnaíonn siad na tosa. Má scaoiltear amach an tsamhlaíocht mar is cóir, fanann an stair nasctha leis an am atá thart sa mhéid agus is atá sé thart agus tosaíonn sí ag comhaireamh na marbh. Is é gnó bunúsach an staraí ná na rianta a athbheo, na guthanna a shlánú agus an chartlann a fhairsingiú. Sa deireadh thiar finné is ea an ealaín a thugann fianaise agus a bhfuil a seasamh eiticiúil ag braith ar an

¹¹ Samuel Beckett, *Proust and Three Dialogues with Georges Duthuit* (Londain, John Calder, 1965), lch. 103.

¹² Sigmund Freud, 'Totem and taboo and other works' in J. Strachey (eag.), *The standard edition of the complete psychological works of Sigmund Freud, Volume X111(1913 1914)* (Londain, Hogarth Press, 1958), lch. 188

mhuinín a chuirtear i mbriathar duine eile. Is éard a thugann éifeacht 'd'éitic an dioscúrsa' ná an muinín a chuirtear san fhianaise, i bhfeidhm tromchiallach na teanga agus i gcumas morálta na hinsinte. Tá sé d'argóint ag Ricoeur: 'we must have trust in language as a weapon against violence, indeed the best weapon there is against violence'.¹³ Is í an fhianaise - fianaise an ealaíontóra, an ghníomhaí, an intleachtóra - an nasc idir inspioráid agus cuimhne, idir dobhrón agus duairceas agus idir dúchas agus sprioc.

Kevin Whelan, [January 2008](#)

Tá Kevin Whelan ina stiúrthóir ar Ionad Keough Naughton Notre Dame i mBaile Átha Cliath.

Whelan.12 @nd.edu

¹³ Ricoeur, 'Memory and forgetting', lch 18.

